

Gníomhaíochtaí Daltaí:

Meán, mód agus airmheán tacair uimhreacha a fháil.

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach "Meán, Mód agus Airmheán" ar CD an dalta.

Number of CDs students purchased this month to date

{3, 2, 2, 2, 3, 3, 4, 2, 2, 1, 5, 4, 3, 4, 2, 3, 3, 2, 3, 2, 2}

Mode = {2} Median = 3 Mean = 2.73

Click to see list of the 3 types of averages

1	Mary	3
2	Paula	2
3	Martha	2
4	John	2
5	Joe	3
6	James	3
7	Paul	4
8	Declan	2
9	Peter	2
10	Joan	1
11	Teresa	5
12	Sheila	4
13	Alan	3
14	Michael	4
15	Jean	2
16	Liam	3
17	Barbara	3
18	Ann	2
19	David	3
20	Brian	2
21	Hazel	3
22	Rose	2

1. Féach ar an scarbhileog sa chomhad idirghníomhach. Cad é an uimhir CDanna is coitianta a ceannaíodh? Cad a thugtar ar an uimhir sin?

2.

a. Liostaigh na sonraí in ord ardaitheach (leid – tosaigh leis an uimhir is lú).

b. Cad é an sonra láir? Cad a thugtar ar an sonra sa lár?

c. An bhfuil do fhreagra ag teacht leis an bhfreagra sa chomhad idirghníomhach?

3.

a. Faigh meán an liosta. Taispeáin do chuid ríomhaireachtaí.

b. An bhfuil do fhreagra ag teacht leis an bhfreagra sa chomhad idirghníomhach?

4. Má athraíonn tú an uimhir CDanna a cheannaigh Michael go dtí 3, cén fáth a bhfuil dhá luach ann don Mhód anois?

5.

a. Abair gur aimsigh Paula láithreán gréasáin a dhíolann CDanna ar phraghas saor agus gur cheannaigh sí 12 CD ar an láithreán sin: ríomh an meán, an mód agus an t-airmheán nua.

b. Cliceáil an cnaipe **Athshocraigh** ar an gcomhad idirghníomhach, cuir isteach 12 do Paula ar an scarbhileog agus cláraigh an meán, an mód agus an t-airmheán anois. An bhfuil siad ag teacht le do chuid ríomhaireachtaí féin?

6. Ainmnigh na trí chineál meán atá ann, agus mínigh a bhfuil i gceist i ngach cás.
